An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999** **M.64T**

An páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí ar an Déardaoin, 6 Bealtaine, 1999

EALAÍN

# GRÉASCHÓIRIÚ

GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 13 BEALTAINE, MAIDIN 9.30 - 12.00 NÓIN.

**Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo**

TREORACHA

(a) Ceadaítear úsáid a bhaint as rianpháipéar, as páipéar daite, as ábhair uigeachta nó as ábhair eile is gá leis na ceisteanna a fhreagairt.
(b) Is gá **d'Uimhir Scrúdaithe** a scríobh go soiléir sa spás atá ann chuige ar gach bileog líníochta.
(c) Scríobh faoi d'Uimhir Scrúdaithe na rudaí seo a leanas;
**Teideal** an pháipéar seo - Gréaschóiriú
An **leibhéal** atá á dhéanamh agat - Gnáthleibhéal
An **cheird** dá bhfuil tú ag dearadh agus
An **pointe tosaithe** a roghnaigh tú.
(d) Is gá sceitsí ullmhúcháin agus réamhsceitsí do dhearadh a chur isteach i dteannta le d'obair dhearaidh.

N.B. **Déantar na réamhsceitsí thuasluaite a chur i gcrích i rith an tréimhse scrúdaithe** agus ní hionann iad agus na sceistí ullmhúcháin a ceadaítear d'iarrthóirí a bhreith isteach leo sa seomra scrúdaithe mar chabhair leis an gcuimhne. **Is gá na sceistí ar fad a chur isteach sa chlúdach i dteannta leis an obair dhearaidh slánaithe.**

**SLIOCHT TUAIRISCIÚIL**
Ina bhfuil pointí tosaithe

Tharraing sé an seandhoras adhmaid ina dhiaidh, d'fhán sé gur chuala sé gnáth thorann an laiste miotail agus dheifrigh sé síos go faiche an mhargaidh. Meán lae a bhí ann. Bhí áithritheoirí na dtithe beaga a bhí ar gach taobh de na sráideanna plódaithe ag dúnadh comhlaí a bhfuinneoga i gcoinne bruth theas na gréine.

Chuaigh sé thar teampall ársa a raibh doirse ullmhóra snoite air. Bhí sraitheanna de bhróga fágtha lasmuigh faoi chomhartha a d'iarr ar chuairteoirí dul isteach cosnochta - le hómós do naofacht na háite. Laistigh ghlac turasóirí eachtranacha grianghrafanna den dealbhóireacht ghreanta agus bhreathnaigh siad ar mhuintir na háite a tháinig ag adhradh. Thug gach éinne bláthanna leo mar ofráil agus lasadar túis ós comhair na scrínte. Chrithlonriagh na dealbha chré-umha le solas coinnle. Bhí manaigh a bhí gléasta i róbaí oráiste ina suí ag machnamh. I bhfad uainn d'fhéadfaí cantaireacht, ganganna agus cloig a chloisteáil.

Gar do lár an bhaile dheifrigh daoine trí na sráideanna cúnga nó rinne siad spaisteoireacht go mall le hais na stainíní sráide, ag breathnú ar an meascán gleoite d'earraí a bhí ar díol. Shuífeadh sé ag breathnú ar thurasóirí ag margaíocht go glórmhar leis an 'gceann deirneach' a cheannach agus dhéanfadh sé mionghháire agus na mangairí ag cuir bláthchuach, cairpéad nó dealbhóireacht díreach mar a chéile amach ins an spás folamh. Ba bhreá leis éisteacht le glórtha na mban, a bhí gléasta i narpúin ildaite agus scairf cinn a bhí ar aon dul leo, ag glaoch amach ag an siopadóirí "stop agus féach, tar agus ceannaigh" agus iad ag síneadh ag na sraitheanna de thorthaí agus de ghlasraí ildaite a bhí acu. Níos déanaí, nuair a bheadh na laindéir sráide ag lonradh taréis dul faoi na gréine bheadh sé i dteannta na seanfhir i gcúlsheomra scáthach. D'imreodh sé cluiche cártaí nó cluiche dílse ar gheall. Dúirt bean feasa aosta leis le déanaí go mbeadh an t-ádh leis go luath.

Nuair a bheadh a raibh ina phócaí imithe ar an glcár imeartha thabharfadh sé aghaidh arís ar an mbaile. Thar bhialanna i dtaobhshráideanna a bhfuil a mbéilte fíorálainne liostáilte ar bhiachláranna geal-lasta. Thar sraitheanna d'éadaí álainn, síodaí lonracha, earraí cuimhneacháin agus laindéir a bheadh ag luascadh go réidh i leoithne an tráthnóna. Thar an abhainn mar a raibh na báid bheaga ar ancaire don oíche.

Faoi dheireadh tá sé sa bhaile. Dreapann sé na céimeanna go dtí an doras tosaigh. Sula dtéann se isteach éisteann sé ar feadh nóiméid leis an bhfuadar atá le cloisint aige ó i bhfad. Tá sé ag súil le lá níos ámharaí - amárach b'fhéidir.

 THALL →

**Roghnaigh <u>ceann amháin</u> díobh seo a leanas:**

**<u>Litreoireacht nó Peannaireacht</u>:**

**(a)** Dear fógra 23 cm x 38 cm atá bunaithe ar théama a thagann chugat as an sliocht tuairisciúil. Beidh an fógra ar taispeáint lasmuigh de gheataí an teampaill. Roghnaigh d'fhoclaíocht féin. Is féidir leat íomhánna, móitífeanna mhaisithe, focail thromchiallacha nó litreacha a úsáid le do fhógra a léiriú.

**(b)** Dear an t-eagar a bheadh ar phíosa de scríobhnóireacht pheannaireachta le haghaidh biachlár a chrochfar lasmuigh de bhialann. Liostáil na béilte atá ar fáil ann agus luaigh costas na mbéilte éagsúla. Is féidir leat íomhanna, móitífeanna mhaisithe, focail thromchiallacha nó litreacha a úsáid le do bhiachlár a léiriú.

**<u>Líonóilghearradh agus Priontáil</u>:**

Déan dearadh a bheadh oiriúnach do phrionta líonóile bunaithe ar 'Ádh' nó ar aon phointe tosaithe eile ón sliocht tuairisciúil. Is cóir go n-oirfeadh an phrionta mar léiriú i leabhar taistil. Bain úsáid as ar a laghad trí dhath.

**<u>Fabraicphriontáil</u>:**

Tóg ceann amháin de na pointí tosaithe seo ón sliocht tuairisciúil:

- **(a)** Laindéir agus soilse sráide.
- **(b)** Sráid plódaithe.
- **(c)** Cluiche cártaí nó cluiche dísle.

Dear patrún leantach a bheadh oiriúnach do scáthphriontáil, do bhlocphriontáil nó do bhaitic.
Bain úsáid as ar a laghad trí dhath agus bain úsáid as an bhforchló i do dhearadh.
Toise an phatrúin/móitíf ionann le 5 cm x 7.5 cm, go hachomair.

**<u>Bróidnéireacht</u>:**

Tóg pointe tosaithe as an sliocht tuairisciúil agus ceap dearadh a bheadh oiriúnach le haghaidh bróidnéireachta. Ní miste an dearadh a bheith oiriúnach mar chlúdach adhartáin, mar scáthlán tine nó mar bhástchóta. Déan cur síos ar na dathanna a d'úsáidfeá. Úsáid na dathanna i do sceitsí agus tabhair cuntas gairid ar na greimeanna bróidnéireacht agus na teicnící atá le húsáid.

**<u>Fíodóireacht</u>:**

Roghnaigh pointe tosaithe as an sliocht tuairisciúil agus dear teicstíl fíodóireachta a bheadh oiriúnach d'adhartan nó d'fhabraic súsa. Lig don téama atá roghnaithe agat as an sliocht tuairisciúil tionchar a bheith aige ar stíl na fíodóireachta, ar eagsúlacht an phatrúin, na snátha agus an teaglaim de dhathanna. Tabhair cuntas gairid, más féidir ar an teicnící fíodóirechta atá le húsáid.

**<u>Criadóireacht</u>:**

Tóg pointe tosaithe as an sliocht tuairisciúil agus dear árthach 20cm ar aire. Is féidir leis an árthach a bheith feidhmiúil nó maisiúil.

<u>nó</u>

Dear píosa de dhealbhóireacht cheirmeach a chuireann an sliocht tuairisciúil id' cheann. Luaigh na teicnící a d'úsáidfeá agus an dearadh á dhéanamh, á ghlonrú agus á chur i gcrích.

**Puipéadacht:**

Dear puipéad. Lig dod' dhearadh a thaispeáint conas is féidir an puipéad a shlánú agus tabhair sonraí maidir le hábhair, le dath, le maisiú agus le críoch. Bunaigh é ar cheann de na téamaí seo (a) Turasóir nó (b) Cearrbhach nó (c) Bean Feasa.

**Leabharcheardaíocht:**

Roghnaigh ceann amháin de na téamaí a chuireann an sliocht tuairisciúil id' cheann.

(a) Bean feasa.
(b) Treoirleabhar turasóireachta.

Dear clúdach leabhair le haghaidh ceann amháin de na téamaí thuas. Luaigh sonraí maidir leis an leagan amach agus i dtaobh faisnéise ghrafaice ar bith a bhaineann leis and túschlúdach.

**Dearadh Fógraíochta:**

Dear postaer bunaithe ar phointe thosaithe ar bith as an sliocht tuairisciúil nó bain feidhm as an gceannteideal "Tabhair cuairt ar áit fíor spéisiúil ...". Crochfar an fógra seo i bhfuinneog Gníomhair Taistil. Luaigh na sonraí maidir leis an leagan amach, stíl chlódóireachta, litreoireacht, dath agus críoch.

**Múnlóireacht agus Snoíodóireacht:**

Dear plaic rilífe nó dealbhóireacht 30 cm ar airde bunaithe ar CHEANN AMHÁIN díbh seo:

(a) aon phointe tosaithe as an sliocht tuairisciúil
(b) tithe beaga, i mullach a chéile.

Luaigh na sonraí maidir le hábhair agus na teicnící atá le húsáid.

**Feistis Stáitse:**

Dear feisteas stáitse ar scála cuí a bheidh bunaithe ar dhráma, ar thóstal nó ar imeacht amharclannach a chuireann an sliocht tuairisciúil id' cheann.

nó

Dear cúlbhrat AGUS cultacha do radharc ó dhráma atá suite

(a) i bhfaiche margaidh
(b) i dteach cearrbhachais

Roghnaigh (a) nó (b). Luaigh na sonraí maidir le ábhar feistis, le dath agus rl.